

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B** **RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1039 ÓN gCOIMISIÚN**
an 29 Meitheamh 2022

lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le fabhair taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na bliana 2023

(IO L 173, 30.6.2022, lch. 58)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2780 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023	L 2780	1	15.12.2023

▼B**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1039 ÓN
gCOIMISIÚN****an 29 Meitheamh 2022**

lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le fabhair taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na bliana 2023

Airteagal 1

Cuirtear na fabhair taraife dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ar fionraí i leith na dtíortha is tairbhithe GSP lena mbaineann, don liosta táirgí ó na ranna GSP a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023 go dtí an ►**M1** 31 Nollaig 2025 ◀.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.



IARSCRÍBHINN

Liosta na ranna GSP ar ina dtaobh atá na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 curtha ar fionraí i leith tír is tairbhí de GSP lena mbaineann:

Colún A: ainm na tíre

Colún B: Roinn GSP (Airteagal 2(j) den Rialachán GSP)

Colún C: tuairisc

A	B	C
An India	S-6a	Ceimiceáin neamhorgánacha agus orgánacha
	S-7a	Plaistigh agus earraí díobh
	S-8b	Earraí leathair; Seithí fionnaidh agus fionnadh saorga
	S-11a	Teicstílí
	S-13	Earraí cloiche, plástair, stroighne, aiséiste, míoca nó ábhair chomhchosúla; táirgí ceirmeacha; gloine agus earraí gloine
	S-14	Péarlaí agus miotail lómhara
	S-15a	Iarann, cruach agus earraí iarainn agus cruach
	S-15b	Miotail neamhlómhara (seachas iarann agus cruach), earraí de mhiotail neamhlómhara (seachas iarann agus cruach)
	S-16	Innealra agus fearais mheicniúla; Innealra agus trealamh leictreach agus páirteanna de
An Indinéis	S-17a	Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc
	S-1a	Ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe seachas éisc
	S-3	Olaí, saillte agus céaracha ainmhíocha nó plandúla
	S-5	Táirgí mianracha
An Chéinia	S-9a	Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual
	S-2a	Plandaí beo agus táirgí bláthanna